Trí ceathrair mo charaid anma

[McKenna, Lambert: *Philip Bocht Ó hUiginn*, Dublin, 1931, poem 24]

1 Trí ceathrair mo charaid anma
ní héigean damh do dheilbh sídh
cara achd Dia do thagha tharsa
cia nach cara dhamhsa dhíbh.

2 Do bhádar san bheathaidh dhaonna
dár ndíon tall mar a-tá siad
ní raibhe a-bhos ceo ar a gcumann
a-nos gá teo umam iad.

3 Re námhaid do cheanglas cunnradh
gan chead dóibh gá doilghe glas
an gealladh budh choir do chomall
ní fhoil ceangal oram as.

4 Ós [í] an-osa a n-oifig dhíleas
díon m’anma gá huaisle céim
ní thairgthe a dhíon ort ’n-a n-éagmhais
síoth ar locht dá bhféadmais é.

5 Na biodhbhaidh nach bia ar mo leassa
lá an bháis gin gur beag an rann
ní bhia an fhala mar a hadhbhar
budh lia cara anman ann.

6 Do cheileadh cuimhne na páise
a piana iomdha ar th’aos gráidh
fuarais do phéin a rí reampa
ní as nar léir a ndeacra dháibh.

7 Lucht iomchuir cuingeadh an chrábhaidh
coinnmheadh fairsing mar fuair siad
go a éag ón chuing nochar claochló
tréad nar thuill i n-aonchró iad.

8 Táinig ó Chríosd cuid dá tuirse
triall a carad gér chúis bhróin
a chumha nochar bh’í uile
do bhí ag cura ar Muire móir.

9 Siad ó chorp gér fhada uaithe
asbail Dé rér dhealaigh sí
an t-aos gráidh do thogh i dtalmhain
fa gar dháibh ó anmain í.

10 Nach mór do hairigheadh orra
eagla an bháis do beanadh dhíobh
doimheanma re hucht na heachtra
lucht oileamhna an reachta ríogh.

11 Peadar asbal d’éis a thuitmhe
táinig don chaoi nar chian sgís
a char san seilbh do mhac Moire
gur ghlac an fheidhm roimhe a-rís.

12 A iompódh d’aindeoin a dhíomais
’n-a dheaghaidh dá ndearnta ar gclódh
uch do budh ionganta an obair
sruth ionnalta an phobail Phól

13 Ó Ainnrias re hucht a chrochaidh
an chroch is fáilte fuair sí
pian na croiche nochar chronaigh
roithe an mhian do fholaigh í.

14 San Séam is Eoin a aos grádha
garm ar an dís an tan tug
an dias dár ghoire a ghaol fola
laogh Moire mar rogha rug.

15 M’anam i n-anáir an ghaoilse
ar ghrádh Dé ná diultadh só
ós dá ngreasacht do mhaoidh meise
neasacht gaoil na deise dhó.

16 An lá do thaiséan do Thomás
an taobh gonta ór ghéire a mhian
fuair an lása ó chíoch na cneidhe
grása nach fríoth reimhe riamh.

17 Ní ghoilleadh ar ghlúnaibh Iacóibh
iomchar an chuirp cruaidh an sdair
gur chúrsaigh gach mian dá mhianaibh
pian na nglúnsain d’fhiadhain air.

18 [Anaid] dod chorp do chí Pilip
poill na gcló nar [chuir a sdíom]
ar comhardha bhear do bhallsa
m’fhear comhanma dhamhsa is díon.

19 Geall pian ó Pharthalón aspal
ní fhuil ar neamh neach dá roich
ní hé nochar bh’usa a fheannadh
achd tusa a Dhé ag ceangal don chroich.

20 A agra ní hadhbhar sgátha
ar sgéalaibh cáigh cuireadh bail
neach dá racha tar a riaghail
is breath Matha d'iarraidh air.

21 Siomón naomhtha námha Dhiabhail
na ndeich n-aithne nír fheidhm dhíosg
dá bhiodhbhaidh nó gur bhean orraim
do ionghuir fear comainn Críosd.

22 Go dtángas d'éanaonta uile
le hasbal naomhtha an nóis aird
do bhaoi le chéile 's a chara
a ghnaoi féine ag tagha Taidhg.

23 Barrnabas ag breith an eolais
usaide dhúinn dul ar séad
do bhéar dom leas re laogh Muire
taobh ris an treas duine déag.

24 Maithias i n-ionad Iudhais
do orduigh Dia a-deir an sdair
i n-am a chabhra as a gceasdaibh
tarla crann gach easbail air.

25 Is cungnamh do Mhuire mháthar
Marcus Lúcas ar lucht sídh
dá mbeireadh ceart meise ó Mhuire
neart deise i ngach dhuine dhíbh.

26 A beith im chionn ós cúis eagla
éaraic na ndeor do dhoirt sí
créad do dhéan ris an bhfáidh bhfíre
do dháil déar thrínne fa thrí.

27 Do réir a hannsochta d'Íosa
uirre riamh go roibhe a ceisd
do bhí a brón fa a chionn 'n-a cuimhne
lór liom a thruime do theisd.

28 Gaibhrial aingeal a hucht Muire
miana an chuirp do choisgfeadh sé
an lá budh neartmhaire ar námha
teachdaire mná dála Dé.

29 Naisgim air a hucht an chumainn
ód chí an t-éag re hucht mo bheoil
teacht d'aisgidh mo chean san chássain

fear taisdil an fhásaigh Eoin.

30 San Clára agus Caitir fhíona
d'iadhadh liom an lá budh áil
ní cuirthe dhamsa i ndóigh oile
dóigh tharsa achd i Moire a-mháin.

31 Cuimhnigheadh d'aingeal an airdríogh
d'íoc m'uilc gurab eadh do bhí
an bráthair bocht ós é m'aighne
corp Dé ar dá thairgne nó a trí. Tr .